Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

S87/04

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta 2006 Eolas Scrúdaithe

1. Tugadh isteach siollabas leasaithe i dTíreolaíocht na hArdteistiméireachta i scoileanna ó Mheán Fómhair 2004. Scrúdófar an siollabas leasaithe den chéad uair i scrúdú na hArdteistiméireachta i 2006.

2. Bainfidh **dhá** chomhpháirt leis an measúnacht ar an nGnáthleibhéal agus ar an Ardleibhéal araon:

   (i) Obair Chúrsa Phraiticiúil agus
   (ii) Scrúdú Scríofa Cheann Cúrsa

   Beidh 20% de na marcanna iomlána dlite don obair chúrsa phraiticiúil, ar an dá leibhéal.

3. Déanfar measúnú seachtrach ar an dá chomhpháirt, ag scrúdaitheoirí a bheidh ceaptha ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

4. Tá Liosta na dTeideal Sonraithe don Obair Chúrsa Phraiticiúil – i.e. An Fiosrúchan Tíreolaíochta, 2006 – in éineacht leis an gciorclán seo.

5. Tá treoirlínte chun dul i mbun fiosrúchán Tíreolaíochta le fáil i *"Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, Treoirlínte do Mhúinteoirí"* atá foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an NCCA.

6. Ní mór an obair chúrsa phraiticiúil a chur isteach sa Leabhrán Thuairisc Fiosrúchán Tíreolaíochta, a eiseoidh an Coimisiún i bhfoirm shamplach sa Mhárta, 2005.

7. Eiseofar páipéir shamplacha don scrúdú scríofa cheann cúrsa i Meán Fómhair, 2005.

8. Cuir an ciorclán seo, le do thoil, agus Liosta na dTopaicí Sonraithe don Fhiosrúchán Tíreolaíochta faoi bhráid na múinteoirí Tíreolaíochta Ardteistiméireachta go léir i do scoil.

9. Cuir cóip den chiorclán seo, le do thoil, ar fáil d'ionadaithe cuí thuismitheoirí agus mhúinteoirí lena cur ar aghaidh go dtí tuismitheoirí agus muinteoirí indibhidiúla.

Caitlín Uí Chaomhánaigh
Leasphríomhoifigeach

Nollaig 2004

Telephone: +353-90-6442700. Fax:+353-90-6442744. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie